Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Aibreán 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0328(COD)**

5628/2/21
REV 2 ADD 1

CYBER 13
TELECOM 25
COPEN 35
COPS 33
COSI 14
CSC 26
CSCI 13
IND 25
RECH 36
ESPACE 6
CODEC 92
PARLNAT 92

# RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 20 Aibreán 2021 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 12 Meán Fómhair 2018, i gcomhthéacs a straitéise maidir le margadh aonair digiteach, ghlac an Coimisiún an togra[1] le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin arb iad Airteagail 173(3) agus 188 CFAE is bunús dlí leo, agus tharchur sé chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa é.

2. Is é is aidhm leis an togra cabhrú leis an Aontas na hacmhainneachtaí teicneolaíocha agus tionsclaíocha cibearshlándála is gá a choimeád agus a fhorbairt chun an margadh aonair digiteach a shlánú. Foráiltear sa togra go gcruthófar struchtúir ar thrí leibhéal institiúideacha: Líonra de Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta (ar an leibhéal náisiúnta), Pobal um Inniúlachtaí Cibearshlándála (ar leibhéal na bpáirtithe leasmhara) agus Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála (ar leibhéal an Aontais). Déanfaidh an Lárionad Inniúlachta tacaíocht airgeadais ó bhuiséad an Aontais a bhaineann le cibearshlándáil a bhainistiú agus tacaíocht chomhpháirteach ón Aontas, ó na Ballstáit agus ón tionscal a éascú chun cibearshlándáil an Aontais a neartú.

3. Thíolaic an Coimisiún an togra don Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna (dá ngairtear ‘An Mheitheal’ anseo feasta) an 17 Meán Fómhair 2018; rinneadh scrúdú ar an measúnú tionchair sa Mheitheal an 28 Meán Fómhair 2018 ina dhiaidh sin. Cuireadh tús leis an bplé ar an togra féin sa Mheitheal an 28 Meán Fómhair 2018 faoi Uachtaránacht na hOstaire agus leanadh den phlé sin faoi Uachtaránacht na Rómáine, na Fionlainne, na Cróite agus na Gearmáine.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim[2] maidir leis an togra seo an 23 Eanáir 2019. Ba dhíol sásaimh do CESE an tionscnamh ón gCoimisiún agus é ag meas gur céim thábhachtach é a mhéid a bhaineann le straitéis thionsclaíoch a fhorbairt le haghaidh na cibearshlándála agus gur céim straitéiseach é chun neamhspleáchas digiteach a bheidh stóinsithe cuimsitheach a bhaint amach.

---

[1] 12104/18
[2] 5898/19

5. I bParlaimint na hEorpa, sannadh an comhad don Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) agus ceapadh Julia REDA (ITRE, Verts/ALE) mar rapóirtéir. Glacadh an tuarascáil an 19 Feabhra 2019 i gcoiste ITRE agus d'fhormheas an Pharlaimint í le linn sheisiún iomlánach Mhárta I 2019. An 17 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir leis an togra; ina raibh 112 leasú ar an togra ón gCoimisiún, caitheadh 489 vóta ar a shon agus 73 ina choinne, agus staon 56. Tar éis na dtoghchán Eorpach, ceapadh Rasmus ANDRESEN (ITRE, na Glasaigh, SCE) mar an rapóirtéir nua.

6. An 13 Márta 2019, thug Coreper sainordú[3] chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Tionóladh cúig chruinniú thríthaobhacha ó shin i leith: an 13 agus an 20 Márta 2019 faoi Uachtaránacht na Rómáine, an 25 Meitheamh 2020 faoi Uachtaránacht na Cróite agus an 29 Deireadh Fómhair agus an 11 Nollaig 2020 faoi Uachtaránacht na Gearmáine.

7. Tionóladh an chéad chruinniú tríthaobhach an 13 Márta 2019 in Strasbourg agus níor tháinig aon phlé suntasach as. Chuir an dá pháirtí a seasaimh agus na príomhathruithe atá beartaithe ina dtograí faoi seach i láthair agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis na chéad chéimeanna eile agus leis an amlíne. Dhearbhaigh na comhreachtóirí go raibh siad tiomanta go láidir do theacht ar chomhaontú a luaithe is féidir.

8. Tionóladh an dara cruinniú tríthaobhach an 20 Márta 2019 sa Bhruiséil agus pléadh na saincheisteanna a sainaithníodh mar shaincheisteanna polaitiúla ag an gcéad chruinniú teicniúil, misean agus cúraimí an Lárionaid Inniúlachta, an maoiniú agus an Bord Rialaithe go príomha. Bhunaigh Uachtaránacht na Rómáine a cur chuige ar an sainordú a fuarthas don chéad chruinniú tríthaobhach. Léiríodh sa dara cruinniú tríthaobhach go raibh meon dearfach ar an dá thaobh toisc gur léiríodh solúbthacht maidir le roinnt saincheisteanna agus tugadh treoir ar an leibhéal teicniúil chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an téacs comhréitigh.

[3] 7583/19

9. D'fhormhuinigh Coreper an 3 Meitheamh 2020[4] sainordú athbhreithnithe le haghaidh na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa. Tionóladh an tríú cruinniú tríthaobhach an 25 Meitheamh 2020, ag deireadh Uachtaránacht na Cróite, d'fhonn Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi na príomhleasuithe i sainordú nua na Comhairle ag díriú ar an méid a leanas 1) misean, cuspóirí agus cúraimí an Lárionaid Inniúlachta, 2) a struchtúr, 3) na forálacha airgeadais agus 4) an Pobal Inniúlachta Cibearshlándála.

10. Réitíodh sa Chomhairle seasamh amháin ón gComhairle faoi Uachtaránacht na Gearmáine, seasamh maidir le cearta vótála Bhord Rialaithe an Lárionaid a bhí ar feitheamh. An 22 Iúil 2020, ghlac Coreper sainordú athbhreithnithe inar soiléiríodh raon feidhme cheart crosta an Choimisiúin.

11. Réitigh ionadaithe rialtais na mBallstát saincheist eile a bhí ar feitheamh maidir le suíomh an Lárionaid Inniúlachta ar imeall Coreper an 28 Deireadh Fómhair 2020 agus tháinig siad ar chomhaontú maidir le nós imeachta chun suíomh an Lárionaid Inniúlachta a roghnú[5]. Ghlac ionadaithe rialtais na mBallstát an cinneadh maidir leis an suíomh ar imeall Coreper an 9 Nollaig 2020. Roghnaíodh Búcairist (an Rómáin) mar shuíomh.

12. Ag an gceathrú cruinniú tríthaobhach, a tionóladh an 29 Deireadh Fómhair 2020, tugadh sainordú leathan ar an leibhéal teicniúil chun teacht ar chomhréitigh ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach. Thángthas ar chomhréitigh ar an gcuid is mó de na saincheisteanna ag roinnt cruinnithe teicniúla.

13. Ag an gcúigiú cruinniú tríthaobhach, arb é an ceann deireanach é, a tionóladh an 11 Nollaig 2020, tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú sealadach i gcomhréir leis an sainordú a d'athnuaigh Coreper an 9 Nollaig 2020. An 18 Nollaig 2020, d'fhormheas Coreper an téacs comhréitigh deiridh mar a comhaontaíodh é ag an gcruinniú tríthaobhach.

---

[4] 8315/20
[5] 13405/20

## II. CUSPÓIR

14. Foráiltear sa togra seo go gcruthófar Lárionad Inniúlachta, a bheadh ina phríomhionstraim ag an Aontas le hinfheistíocht a chomhthiomsú i dtaighde, teicneolaíocht agus forbairt thionsclaíoch i réimse na cibearshlándála. Dhéanfadh sé tacaíocht airgeadais a bhaineann leis an gcibearshlándáil ón gclár Fís Eorpach agus ón gclár don Eoraip Dhigiteach a thabhairt freisin. Mar a luaitear thuas, foráiltear sa togra freisin go mbunófar Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin agus Pobal Inniúlachta Cibearshlándála.

15. Bheadh Bord Rialaithe ag an Lárionad Inniúlachta, ar a mbeadh ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún, bord a dhéanfadh treo ginearálta oibríochtaí an Lárionaid a shainiú agus a d'áiritheodh go gcuirfeadh an Lárionad a chúraimí i gcrích i gcomhréir leis an Rialachán seo. Is é an aidhm a bheadh leis an Lárionad comhordú níos láidre idir an taighde agus an nuálaíocht a áirithiú agus straitéisí a úsáid ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus cur ar chumas na mBallstát cinntí a dhéanamh a bhaineann lena ranníocaíochtaí airgeadais le gníomhaíochtaí comhpháirteacha.

16. Bheadh sé de chumas ag an Lárionad Inniúlachta na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    i) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta (a fhaigheann tacaíocht faoin gclár Fís Eorpach) chomh maith le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta (a fhaigheann tacaíocht faoin gclár don Eoraip Dhigiteach) a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an rialachas thuasluaite (i.e. an Coimisiún agus na Ballstáit).
    ii) i gcomhar leis na Ballstáit, tacú le méadú agus soláthar ardtrealaimh, ard-uirlisí agus ardbhonneagair sonraí i réimse na cibearshlándála agus a áirithiú go ndéanfar na réitigh chibearshlándála is déanaí ar fud an gheilleagair a imscaradh go forleathan; chun na críche sin, bheadh sé de chumas ag an Lárionad Inniúlachta freisin sealbhú comhroinnte acmhainneachtaí a éascú thar ceann na mBallstát.

## III. <u>ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH</u>

### A. COMHTHÉACS AN NÓS IMEACHTA

17. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh ('luath-chomhaontú ar an dara léamh'). Le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh, léirítear an pacáiste comhréitigh a comhaontaíodh idir an dá chomhreachtóir, le tacaíocht ón gCoimisiún.

### B. ACHOIMRE AR NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

18. Is iad seo a leanas na príomhathruithe i gcomparáid leis an togra tosaigh ón gCoimisiún ar tháinig an dá chomhreachtóir orthu:

1) tugadh isteach foclaíocht chomhréitigh i bhforálacha éagsúla chun an téacs a ailíniú le forálacha an Rialacháin maidir leis an gClár Digiteach don Eoraip agus an Rialacháin maidir le Fís Eorpach ós rud é gurb é an Lárionad Inniúlachta a dhéanfaidh tacaíocht airgeadais a bhaineann leis an gcibearshlándáil faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gclár don Eoraip Dhigiteach a bhainistiú;

2) scriosadh an tagairt do shuíomh an Lárionaid Inniúlachta i bhforálacha dlíthiúla an Rialacháin (Airteagal 1). Cuireadh isteach aithris nua (20) ina ionad sin;

3) cuireadh isteach roinnt coincheap, agus sainmhínithe iomchuí ag gabháil leo, amhail 'cibearbhagairt', 'gníomhaíocht chomhpháirteach', 'ranníocaíocht chomhchineáil' agus 'Mol Nuálaíochta Digití Eorpach';

4) cuireadh 'Clár Oibre' leis, eadhon straitéis chuimsitheach inbhuanaithe chibearshlándála maidir le tionsclaíocht, teicneolaíocht agus taighde, ina leagtar amach moltaí straitéiseacha maidir le forbairt agus fás earnáil Eorpach thionsclaíoch, theicneolaíoch agus taighde na cibearshlándála agus tosaíochtaí straitéiseacha do ghníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta;

5) cúraimí an Lárionaid Inniúlachta a bhí leagtha amach i dtosach in airteagal amháin in éineacht leis na cuspóirí, leagtar amach in airteagal tiomnaithe anois iad agus déantar dealú idir cúraimí straitéiseacha agus cúraimí cur chun feidhme an Lárionaid;

6) neartaíodh ról ENISA. Beidh ENISA ina bhreathnóir buan ar bhord rialaithe an Lárionaid Inniúlachta agus féadfaidh sé comhairle agus ionchur a sholáthar maidir le dréachtú an Chláir Oibre agus na gclár oibre bliantúil agus ilbhliantúil;

7) tugadh isteach forálacha nua maidir leis na Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta, go háirithe maidir le hainmniú na lárionad agus an measúnú ón gCoimisiún,

8) rinneadh cúraimí an Bhoird Rialaithe a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le glacadh an Chláir Oibre agus na gclár oibre bliantúla agus ilbhliantúla;

9) rinneadh rialacha vótála bhord rialaithe an Lárionaid Inniúlachta a leasú agus bunaíodh an prionsabal ‘comhalta amháin, vóta amháin’, in ionad na forála bunaidh den togra ón gCoimisiún inar luadh gur cheart 50% de na cearta vótála a bheith ag an Aontas. Mar sin féin, i gcás cinntí áirithe atá nasctha le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais agus maidir leis an gclár oibre bliantúil, an clár oibre ilbhliantúil agus an mhodheolaíocht chun ranníocaíochtaí na mBallstát a ríomh, beidh 26% de na cearta vótála ag an gCoimisiún; Déanfaidh an bord rialaithe a chinntí trí thromlach 75% dá chuid chomhaltaí ar fad ar a laghad;

10) Tugadh Grúpa Comhairleach Straitéiseach ar an mBord Comhairleach Tionsclaíochta agus Eolaíochta, grúpa a chuirfidh comhairle ar fáil ar bhonn idirphlé rialta idir an Lárionad Inniúlachta agus an Pobal Inniúlachta Cibearshlándála;

11) is de chomhlachtaí/eagraíochtaí comhchoiteanna a chomhdhéanfar an Pobal Inniúlachta Cibearshlándála agus ní bheidh daoine aonair san áireamh ann; mar chomhréiteach, beidh sé de chumas ag an Lárionad Inniúlachta agus a chomhlachtaí dul i muinín saineolas daoine aonair agus nádúrtha mar shaineolaithe *ad hoc*;

12) cuireadh isteach airteagail nua maidir le cothromaíocht inscne (Airteagal 35) agus maidir le pearsantacht dhlítheanach an Lárionaid Inniúlachta (Airteagal 39).

## IV. **<u>CONCLÚID</u>**

19. Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an pacáiste comhréitigh a comhaontaíodh idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún.

20. Tá an Chomhairle den tuairim gur pacáiste cothrom an seasamh uaithi ar an gcéad léamh agus go mbeidh ról lárnach ag an Rialachán nua a mhéid a bhaineann le hacmhainneachtaí cibearshlándála an Aontais ó thaobh na teicneolaíochta, na tionsclaíochta agus an taighde de.